Dáta

San eagrán seo:

- Staitisticí na Naíonraí
- Lá na bPancóg & Gaeilge don Naíonra
- Grúpa Facebook do Mhúinteoirí Naíonra

Staitisticí d'Earnáil na Luathbhlianta Lán-Ghaeilge

Gheobhaidh tú foirm staitisticí 2020 ag an nasc thíos. Chuimsíonn an fhoirm seo:

- Uimhreacha agus sonraí reatha an naíonra
- foirm ordaithe d'fhoilseacháin agus ábhar bolscaireachta
- ceistneoir maidir le hoiliúint

Ní sheolfar ábhar sa phost ach chuig naíonraí a dheimhníonn a sonraí linn ar an bhfoirm staitisticí, agus is na naíonraí sin amháin a bheidh san áireamh san eolaire ar www.gaeloideachas.ie.

Nuair a fhaigheann muid foirm chomhlánaithe ó do naíonra, déanfaimid **leabhair rolla agus timpiste a ordú duit** agus a sheoladh sa phost chugat roimh shaoire an tsamhraidh. Níl aon chostas ar na foilseacháin seo, nó foilseacháin eile Gaeloideachas, ach is féidir go mbeadh stoc teoranta againn ag brath ar éileamh. Mar sin is fearr teagmháil a dhéanamh linn go luath.

Cabhróidh an ceistneoir maidir le hoiliúint linn freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na naíonraí, le cinntiú go mbeidh cúrsaí ábhartha ag amanna oiriúnacha agus in ionaid áisiúla á dtairiscint againn.

Má ta ceist ar bith agat ina leith, tá an-fháilte romhat teagmháil a dhéanamh linn ar **01 8535195** nó eolas@gaeloideachas.ie.

Líon amach an fhoirm anseo

Máirt na bPancóg

Cad iad na rudaí atá de dhíth le pancóga a dhéanamh, meas tú? Cad iad na comhábhair is fearr leat ar do phancóga? Cé acu is fearr leat - pancóga milse nó pancóga saillte? Cad é an méid is mó pancóga a d'ith tú in aon lá amháin? Ar éirigh leat pancóg a thiontú ar an bhfriochtán riamh?

Seans go gcabhróidh an ceacht seo ar ár suíomh Gaeilge don Naíonra, le comhrá mar gheall ar na rudaí gur maith linn agus nach maith linn ar ár bpancóga! Bainigí triail as!

bhur ngrianghraif de na pancóg blasta sa naíonra (jill@gaeloideachas.ie), agus caith súil ar an bhfíseán thuas más mian libh foghlaim conas pancóga a dhéanamh trí mheáin na Gaeilge!

Lá na bPancóg sa Naíonra

Foghlaim conas pancóga a dhéanamh!

Grúpa Facebook do Mhúinteoirí Naíonra

An bhfuil a fhios agat go bhfuil grúpa príobháideach ann ar Facebook ar féidir le múinteoirí naíonraí labhairt lena chéile?

Is féidir acmhainní a roinnt; comhairle a lorg; fógraíocht a dhéanamh ar imeachtaí nó ar fholúntais poist; agus bíonn eolas le feiceáil ann ó Gaeloideachas chomh maith.

ghlacadh leis an ngrúpa ag an nasc thíos!

Moltar gur póstálacha dátheangacha nó i nGaeilge amháin a roinnfear go poiblí ar an ngrúpa seo le spiorad agus fealsúnacht na naíonraí a chur chun cinn.

Tá foclóir ar fhrásaí úsáideacha d'fholúntais phoist ar bharr an leathanaigh d'éinne a bhfuil píosa beag cúnaimh de dhíth orthu le fógra a chur le chéile - nó cuir ceist díreach ar riarthóirí an ghrúpa!

Bí i do bhall den ghrúpa Facebook

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

Roinn ar Facebook **Tvuít**

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo